



Plean Corparáideach GBRÁ 2026 - 2030



LGMA

An Ghníomhaireacht
Bainistíochta Rialtais Áitiúil
Local Government
Management Agency



LGMA

An Ghníomhaireacht
Bainistíochta Rialtais Áitiúil

Local Government
Management Agency

Clár an Ábhair

Brollach	4
Cé Muid Féin	6
An Obair a Dhéanaimid	6
Ár Ráiteas Misin	8
Ár Luachanna	8
Ár Spriocanna	11
Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht	18
Ár nEagraíocht	20
Réimsí Gnó	20
Tionscadail Náisiúnta	21
Rialachas	22
CBCC	25
Coistí CBCC	25
Ár bPáirtithe Leasmhara	27
Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine	29
Gluais	30

Brollach

Tá áthas orainn Plean Corparáideach na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil 2026 – 2030 a chur i láthair, ina leagtar amach ár misean, ár spriocanna agus ár gcuspóirí do na blianta amach romhainn.

Is gníomhaireacht stáit í an GBRÁ a chuireann réimse seirbhísí gairmiúla ar fáil d'údaráis áitiúla agus thar a gceann; príomhfheidhmeannaigh údaráis áitiúla trí Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC); an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, agus ranna rialtais eile. Comhoibrímid freisin le líonra éagsúil de pháirtithe leasmhara eile, le naisc láidre a fhorbairt idir tosaíochtaí áitiúla agus náisiúnta.

Cuireann údaráis áitiúla breis is 1,100 seirbhís ar fáil a théann i bhfeidhm ar shaol daoine gach lá. Ní mór don rialtas áitiúil oiriúnú go leanúnach chun freastal ar riachtanais athraitheacha ár bpobal. Comhoibrímid leis na 31 údarás áitiúil ar fad chun a chinntiú go seachadtar seirbhísí agus beartais go héifeachtúil agus go costéifeachtach, agus ag an am céanna ag tacú leo athrú a spreagadh agus feidhmíocht a fheabhsú.

Ó bunaíodh í in 2012, tá an GBRÁ ag comhlíonadh a sainordaithe go seasta. Agus ár bPlean Corparáideach á fhorbairt againn, chuamar i gcomhairle go forleathan lenár bhfoireann agus lenár bpáirtithe leasmhara. Léirítear leis an bplean nua seo an chéad chéim eile i bhforbairt leanúnach an GBRÁ, le ról agus tionchar an rialtais áitiúil in Éirinn a fheabhsú.

Táimid tiomanta dár misean athnuaite a chomhlíonadh mar chomhpháirtí iontaofa, ag nascadh, ag comhoibriú agus ag nuáil chun an rialtas áitiúil a chumhachtú chun torthaí dearfacha a bhaint amach do phobail.

Agus ár bpríomhluachanna lúfaireachta, gairmiúlachta, ceannaireachta réamhghníomhach, ionracais, nuálaíochta, agus an leas coiteann chun tosaigh, chomhoibríomar le foireann agus le páirtithe leasmhara chun Plean Corparáideach uailmhianach ach indéanta a chruthú chun treoir a thabhairt dár gcuid oibre thar na cúig bliana atá amach romhainn.

Ag féachaint ar an gcomhthéacs níos leithne ina n-oibrímid, tá go leor dúshlán roimh an rialtas áitiúil, agus is iad na cinn is práinní ná tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar, dul i ngleic leis an athrú aeráide, mífhaisnéis agus bréagaisnéis a chomhrac, agus cibearshlándáil a bhainistiú. Beimid mar chomhpháirtí lárnach ag tacú leis an obair seo go léir.

Táimid feasach freisin ar na deiseanna a chuireann teicneolaíochtaí nua i láthair, amhail Intleacht Shaorga, agus glacfaimid leo go heiticiúil, agus iad a ionchorprú inár gcuid oibre chun éifeachtúlacht agus nuálaíocht a fheabhsú.

Leagtar amach ár n-uailmhian i dtrí sprioc sa phlean seo. Tá 26 cuspóir mar bhonn agus taca ag ár spriocanna, agus bainfear gach ceann acu amach trí shraith gníomhartha. Táimid tiomanta go hiomlán do chur chuige inbhuanaithe i ngach rud a dhéanaimid, agus tá cur síos déanta againn ar an gcaoi a bhfuil ár gcuid oibre ailínithe le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFInna).

Tacóimid le seachadadh seirbhísí rialtais áitiúil ardchaighdeán, chomh maith le feabhas a chur orthu agus iad a luathú. Oibreoimid le páirtithe leasmhara chun naisc agus comhoibriú a neartú, d'fhonn tionchar dearfach a imirt ar fhorbairt beartais a mbíonn tionchar acu ar sheachadadh na seirbhísí sin. Trí cumhacht a thabhairt dár ndaoine agus iad a chumasú, bainfimid sármhaitheas amach agus soláthróimid luach, ag feidhmiú mar eagraíocht atá solúbtha agus cuimsitheach, agus ceann atá tiomanta ag an nuálaíocht.

Beidh cur i bhfeidhm an phlean seo bunaithe ar phríomhchumasóirí, lena n-áirítear ár ndaoine, maoiniú, teicneolaíocht, sonraí, agus eispéireas úsáideoirí. Is iad ár ndaoine an ceann is tábhachtaí díobh seo, agus táimid tiomanta meas a bheith againn ar ár bhfoireann agus tacú lena bhforbairt. Cuirfimid obair bhríoch agus thairbheach ar fáil a mbeidh ár bhfoireann bródúil aisti, agus leanfaimid orainn chun déanamh cinnte go bhfuil an GBRÁ agus rialtas áitiúil ar na fostóirí is fearr, ag mealladh, ag coinneáil agus ag forbairt foirne go dtí a lánacmhainneachta.

Agus an Plean Corparáideach seo á fhoilsiú againn, aithnímid go bhfuil obair an Tascfhórsa um Dhaonlathas Áitiúil sna céimeanna deiridh agus go bhféadfadh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht moltaí a thabhairt don Rialtas bunaithe ar mholtaí ón Tascfhórsa. D'fhéadfadh sé sin athrú a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibrímid sa deireadh, ag díriú ar an ngá atá ann chun fanacht solúbtha agus freagrúil do chinntí Rialtais a bhfuil sé mar sprioc acu ár ndaonlathas a chosaint.

Déanfar an Plean Corparáideach cúig bliana seo a sheachadadh trí phleananna oibre bliantúla dinimiciúla. Déanfaidh Bord an GBRÁ maoirseacht ar an dul chun cinn. Tá ár dtiomantas chun tacú le húdarais áitiúla bunaithe ar dhíriú ar luach ar airgead, ar thorthaí intomhaiste agus ar ailíniú leanúnach ár struchtúr agus ár bpróiseas le riachtanais athraitheacha an rialtais áitiúil. Chun na críche sin, táimid tiomanta d'athbhreithniú meántéarmach a dhéanamh in 2028, agus cúrsa a cheartú más gá.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le foireann agus le bord an GBRÁ as a gcuid oibre luachmhaire le cúig bliana anuas, chun cabhrú leis an eagraíocht a rath a bhaint amach.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin le gach duine a chuir le forbairt an Phlean Chorporáidigh seo. Táimid ag tnúth le bheith ag obair lenár bpáirtithe leasmhara chun tacú le fás agus sármhaitheas leanúnach an GBRÁ sa chéad deich mbliana eile.



Richard Shakespeare

Cathaoirleach Bhord an GBRÁ



Pauline Mulligan

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an GBI

Cé Muid Féin

Is gníomhaireacht stáit í an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO).

Cuireann an GBRÁ ceannaireacht straitéiseach agus comhordú ar fáil chun go mbeadh údaráis áitiúla in ann seirbhísí a dhearadh, a fhorbairt agus a sheachadadh a chomhlíonann riachtanais an phobail. Clúdaíonn ár gcuid oibre raon leathan seirbhísí gairmiúla d'údaráis áitiúla, lena n-áirítear tacaíocht don Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC), ceannaireacht ar thionscadail náisiúnta, agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara éagsúla chun ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na n-údarás áitiúil.

An Obair a Dhéanaimid

Cuireann an GBRÁ réimse leathan seirbhísí gairmiúla, saineolas praiticiúil agus réitigh straitéiseacha ar fáil d'údaráis áitiúla. Áirítear leis sin comhairle, acmhainní, ceannaireacht agus rannpháirtíocht phraiticiúil a sholáthar i dtionscadail agus i dtionscnaimh. Clúdaíonn ár saineolas speisialtóireachta comhairleoireacht daoine, forbairt ceannaireachta, bainistíocht tionscadal, forbairt leabharlainne, airgeadas, sláinte agus sábháilteacht, soláthar, agus cumarsáid. Chomh maith leis sin, cuirimid ar chumas Bhord an GBRÁ agus an CBCC a gcláir oibre a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Ina theannta sin, tá ról réamhghníomhach againn i dtaca le forbairt beartais agus straitéise a thacú trí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, ag cinntiú go bhfuil leasanna an rialtais áitiúil ionadaithe ar an leibhéal náisiúnta. Spreagaimid tionscnaimh maidir le claochlú digiteach agus cibearshlándaíl, éascaímid taighde agus cinnteoireacht atá bunaithe ar shonraí, agus cuirimid nuálaíocht agus comhroinnt dea-chleachtas chun cinn ar fud na hearnála. Trí oibriú go dlúth le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara, cuirimid ar chumas údaráis áitiúla acmhainneacht a fhorbairt, deiseanna nua a ghlacadh agus oibriú le chéile ar mhaithe le pobail rathúla.



Fíor 1: An Obair a Dhéanaimid

Tionscnaimh	Cuspóir Corparáideach
Seirbhísí Gairmiúla	Cuirimid acmhainní, comhairle agus réitigh phraiticiúla ar fáil ionas gur féidir leis an CBCC, Coistí CBCC agus Bord an GBRÁ a gcláir oibre a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, cuirimid saíneolas speisialaithe ar fáil d'údaráis áitiúla i réimsí ar nós comhairleoireacht daoine, forbairt ceannaireachta, forbairt leabharlainne, airgeadas, sláinte agus sábháilteacht, soláthar agus cumarsáid.
TFC Dhigiteach agus Cibearshlándáil	Spreagaimid glacadh athléimneach teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear ceannaireacht a dhéanamh ar sheachadadh Straitéis Dhigiteach agus TFC an Rialtais Áitiúil agus Lárionad Oibríochtaí Slándála Náisiúnta.
Bainistíocht Clár/Tionscadal	Bainistímid tionscadail agus spreagaimid nuálaíocht agus athchóiriú ar fud an rialtais áitiúil, lena n-áirítear i réimsí na pleanála, na tithíochta, an uisce, na dramhaíola agus na seirbhísí comhshaoil.
Tacaíocht a thabhairt do fhorbairt Beartais agus Straitéise	Treoraímid rannpháirtíocht réamhghníomhach le páirtithe leasmhara chun ról an rialtais áitiúil i bhforbairt beartais agus straitéise a chur chun cinn, a thacú agus a chosaint.
Tacaíocht Oibríochtúil Straitéiseach	Cuirimid tacaíocht oibríochtúil ar fáil don CBCC agus dá choistí gaolmhara chun dearadh, seachadadh agus forbairt leanúnach seirbhísí rialtais áitiúil a chur chun cinn.
Taighde agus Anailís Sonraí	Oibrímid lenár bpáirtithe leasmhara chun saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a shainaithint, le húsáid a bhaint as taighde agus léargais atá bunaithe ar shonraí chun tacú le cinnteoireacht agus forbairt beartais.
Comhroinnt Nuálaíochta agus Dea-Chleachtais	Déanaimid ionadaíocht ar an earnáil i dtionscnaimh tras-rialtas agus forbraímid agus éascaímid comhroinnt dea-chleachtais agus nuálaíochta ar fud an rialtais áitiúil chun seirbhísí a fheabhsú go leanúnach.
Cumarsáid	Oibrímid i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara chun cumarsáid a bhfuil tionchar ag baint léi, a sheachadadh faoin earnáil rialtais áitiúil agus oibrímid suíomh gréasáin LocalGov.ie mar mhol lárnach d'fhaisnéis faoi údaráis áitiúla agus a gcuid oibre.

Ár Ráiteas Misin



Ár Luachanna

1. Lúfaireacht

Glacaimid cur chuige solúbtha, pragmatach i leith ár gcuid oibre, cur chuige atá bunaithe ar réamhbhreathnú, ar fhreagrúlacht agus ar fheabhsú leanúnach. Cuireann an cur chuige seo ar ár gcumas freagairt go héifeachtach do riachtanais athraitheacha ár bpáirtithe leasmhara agus don tírdhreach sochaíoch agus teicneolaíoch ina bhfeidhmímid.

2. Gairmiúlacht

Treoraithe ag éiteas láidir seirbhíse, táimid tiomanta do luach agus tionchar bríoch a sheachadadh trí rannpháirtíocht mheasúil, fhreagrach agus thacúil. Coinnímid na caighdeáin is airde inár n-oibríochtaí, sna léargais a roinnimid agus sna seirbhísí a chuirimid ar fáil. Léirítear ár ngairmiúlacht sa chaoi a n-éistimid, sa chaoi a ngníomhaímid agus sa chaoi a ndéanaimid ár ndícheall i gcónaí chun torthaí a fheabhsú.

3. Ceannaireacht Réamhghníomhach

Déanaimid ceannaireacht go réamhghníomhach trí dhúshláin a réamh-mheas, deiseanna a ghlacadh agus oibriú i gcomhar le chéile chun réitigh nuálacha, inbhuanaithe a sheachadadh. Cruthaímid timpeallacht ina mbíonn rath ar chomhoibriú agus ar thionscnamh, rud a chuireann ar chumas ceannairí ar gach leibhéal ceannaireacht a dhéanamh le muinín.

4. Ionracas

Oibrímid ar bhealach oscailte, trédhearcach agus freagrach, ag cinntiú go léiríonn ár ngníomhartha go seasta an mhuinín a chuireann údaráis áitiúla, ranna rialtais agus páirtithe leasmhara níos leithne ionainn.

5. Nuálaíocht

Táimid tiomanta d'fheabhsú agus nuachóiriú leanúnach ár bpróiseas agus ár dteicneolaíochtaí. Cothaímid cultúr fiosracha agus foghlama, ina spreagar, ina ndéantar tástáil agus ina scálaítear smaointe chun tionchar intomhaiste a bheith acu dár ndaoine, don rialtas áitiúil agus do na pobail a bhfreastalaíonn siad orthu.

6. Leas Coiteann

Tuigimid gur féidir le gach cinneadh a dhéanaimid agus gach seirbhís a chuirimid ar fáil tionchar a imirt ar chailíocht agus ar raon feidhme na seirbhísí a sholáthraíonn údaráis áitiúla. Breithnímid tionchar níos leithne ár dtionscnamh, ár mbeartas agus ár gcomhpháirtíochtaí ar chothromas sóisialta, ar chuimsitheacht agus ar inbhuanaitheacht chomhshaoil.

Fíor 2: Ár bPríomhchumasóirí


Daoine 	Bainimid torthaí amach trí chomhoibriú, trí smaointe a roinnt agus trí mheon fáis a dhéanann iarracht leanúnach feabhas a chur ar sheachadadh. Déanaimid iarracht riachtanais na bpáirtithe leasmhara uile a thuiscint agus teacht ar chomhthuiscint chun tosaíochtaí a ailíniú agus a chomhaontú. Is iad ár luachanna, ár gcultúr agus taithí agus scileanna ár bhfoirne a spreagann dul chun cinn i mbaint amach ár misean.
Maoiniú 	Tá sé ríthábhachtach go mbeadh maoiniú leanúnach ar fáil le haghaidh infheistíochta oibríochtúla agus caipitil, mar aon le pleanáil agus bainistíocht airgeadais láidir, chun ár spriocanna agus cuspóirí corparáideacha a bhaint amach agus chun luach ar airgead agus feabhas leanúnach a sholáthar inár ngníomhaíochtaí uile
Teicneolaíocht 	Bainimid leas as na cumais a sholáthraíonn an teicneolaíocht chun tacú le seachadadh ár seirbhísí. Lorgaímid bealaí chun teicneolaíochtaí a úsáid chun feabhas a chur ar an gcaoi a n-oibrímid agus a mbímid i dteagmháil lena chéile, chun próisis a chur i gcrích agus chun seirbhísí nua a sheachadadh. Glacaimid cur chuige digiteach ar dtús i leith dearadh seirbhísí, nuair is féidir, agus dea-rialachas agus slándáil mar bhonn taca leis chun riosca a mhaolú.
Sonraí 	Leanfaimid orainn ag tógáil agus ag forbairt foinsí iontaofa sonraí agus léargais chun tacú le cinnteoireacht oibríochtúil agus straitéiseach araon. Áirítear leis sin leas a bhaint as sonraí laistigh de chórais rialtais áitiúil chomh maith le foinsí eile. Coinnímid agus forbraímid ár rialachas agus rialuithe sonraí ar bhonn leanúnach chun cáilíocht agus slándáil a chur chun cinn.
Eispéireas Úsáideoirí 	We consider the needs of the end user in all decision-making processes relating to the design and delivery of services. This includes embedding design thinking practices into how we work, supporting and promoting co-design with end users. Focusing on user experience drives innovation by shaping services that are intuitive, future ready and responsive to evolving expectations.



Ár Spriocanna

Sprioc 1

Tacú le seachadadh seirbhísí rialtais áitiúil ardchaighdeáin agus iad a neartú agus dlús a chur leo



Sprioc 1

Tacú le seachadadh náisiúnta seirbhísí rialtais áitiúil ardchaighdeán agus iad a neartú agus dlús a chur leo.

Neartóimid agus feabhsóimid seachadadh seirbhísí rialtais áitiúil agus clár náisiúnta trí chomhordú, feabhsú leanúnach agus bealaí nua oibre a ghlacadh go comhsheasmhach ar fud an rialtais áitiúil chun torthaí níos fearr a bhaint amach.

Sprioc 1



Torthaí a Thomhais

Seiceálacha Baile

Suirbhéanna Páirtithe Leasmhara

Gníomhartha Seachadta

Stádas Seachadta Tionscadail

Spriocanna SFI



Sprioc 1: Tacú le seachadadh náisiúnta seirbhísí rialtais áitiúil ardchaighdeán agus iad a neartú agus dlús a chur leo.

No.	Cuspóir	Spriocthorthaí
1	Tionscnaimh chomhoibríocha a threorú ar fud an rialtais áitiúil chun comhpháirtíochtaí láidre a thógáil agus spriocanna comhroinnte a bhaint amach	Páirtithe leasmhara ábhartha rannpháirteach go gníomhach i dtionscnaimh
		Seachadadh rathúil tionscnamh le tacaíocht leathan ó ar fud an rialtais áitiúil
2	Cur i bhfeidhm straitéisí rialtais áitiúil a thiomáint	Straitéisí agus clár náisiúnta a chur ar aghaidh / a sheachadadh de réir na hamlíne, an bhuiséid agus an leibhéal cáilíochta a bhfuiltear ag súil leis
3	Seirbhísí comhairleacha ardchaighdeán AD, caidreamh fostaithe agus seirbhísí gaolmhara a chur ar fáil	Ardleibhéil shástachta ó údaráis áitiúla maidir leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil
4	Seirbhísí gairmiúla ardchaighdeán a sholáthar a thacaíonn le hoibríochtaí rialtais áitiúil agus a neartaíonn iad	Ardleibhéil shástachta ó údaráis áitiúla maidir leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil
5	Seachadadh agus claochlú seirbhísí digiteacha a luathú, chomh maith le riachtanais oibríochtúla a chomhlíonadh	90% de sheirbhísí rialtais áitiúil is infheidhme ar fáil trí chainéil dhigiteacha
6	Athléimneacht chibearshlándála a neartú	Aitheantas réamhghníomhach agus maolú rioscaí cibearshlándála
7	Ailtireacht agus rialachas sonraí a neartú	Struchtúir láidre rialachais sonraí i bhfeidhm chun cáilíocht, ailtireacht agus rialachas sonraí a mhonatóiriú agus a fheabhsú go leanúnach
8	Feabhas a chur ar phróisis bainistíochta tionscadal agus clár earnála	Feabhsú leanúnach ar chleachtais seachadta clár bunaithe ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus ar dhea-chleachtas
9	Nuálaíocht a chur chun cinn trí ardáin a chruthú le haghaidh comhoibrithe agus malartú eolais laistigh den rialtas áitiúil	Soláthar córas chun tacú le comhroinnt réamhghníomhach eolais agus dea-chleachtas laistigh den rialtas áitiúil
10	Caighdeán dea-chleachtais a shainaithint, a mheas agus a leabú go córasach ar fud sheirbhísí an rialtais áitiúil, d'fhonn feabhsú leanúnach agus comhsheasmhacht i seachadadh seirbhísí a chur chun cinn	Glacadh méadaithe le caighdeán dea-chleachtais
		Measúnú agus feabhsú leanúnach ar chur chuige a úsáidtear chun dea-chleachtas a shainaithint agus a leabú le haghaidh ábharthachta agus tionchair

Sprioc 2

Feidhmiú mar an spreagadh chun comhoibriú comhtháite a chumasú, ag tacú le forbairt beartais agus ag neartú cumarsáide chun seirbhísí rialtais áitiúil inbhuanaithe a sholáthar.

Feidhmeoidimid mar an pointe teagmhála iontaofa, ag cothú naisc agus ag stiúradh comhoibrithe ar fud an rialtais áitiúil agus le páirtithe leasmhara níos leithne. Úsáidfimid ár seasamh muiníne chun feasacht ar an rialtas áitiúil a mhéadú, chun cur le forbairt beartais luathchéime, agus chun tionchar na hoibre a dhéanann údaráis áitiúla agus an GBRÁ a aibhsiú.

Goal 2



Torthaí a Thomhais

Seiceálacha Baile

Suirbhéanna Páirtithe Leasmhara

Gníomhartha Seachadta

Stádas Seachadta Tionscadail

Spriocanna SFI



Sprioc 2: Feidhmiú mar an spreagadh chun comhoibriú comhtháite a chumasú, ag tacú le forbairt beartais agus ag neartú cumarsáide chun seirbhísí rialtais áitiúil inbhuanaithe a sholáthar.

Uimh.	Cuspóir	Spriocthorthaí
1	Comhoibriú leis an CBCC chun comhairle a thabhairt maidir le poist earnála, iad a fhorbairt agus a chur chun cinn	Tuarascálacha agus faisnéis a sheachadadh chun tacú leis an CBCC agus lena choistí tionscadail a sheachadadh
		Leibhéil sástachta chomhaltaí CBCC agus údarás áitiúil maidir leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil
2	Rannpháirtíocht luath, réamhghníomhach i measc páirtithe leasmhara a threorú chun forbairt beartais a chur chun cinn agus cur léi	Straitéisí agus cláir náisiúnta a chur ar aghaidh / a sheachadadh de réir na hamlíne, an bhuiséid agus an leibhéal cáilíochta a bhfuiltear ag súil leis
		Ardleibhéil shástachta ó údaráis áitiúla maidir leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil
3	Sonraí agus taighde atá bunaithe ar fhianaise a sholáthar chun eolas a chur ar fáil faoi chinnteoireacht agus chun forbairt beartais a mhúnlú	Tacair taighde agus sonraí a chuirtear ar fáil a úsáidtear go gníomhach chun eolas a chur ar fáil faoi chinnteoireacht agus chun beartais a mhúnlú
4	Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag seachadadh córais chumarsáide iontaofa a ardaíonn feasacht agus a fheabhsaíonn comhroinnt faisnéise ar fud chóras an rialtais áitiúil	Pleananna gníomhaíochta cumarsáide a fhorbairt agus a bhainistiú
		Rannpháirtíocht mhéadaithe le hábhar arna tháirgeadh ag GBRÁ thar bhealaí seachadta
5	Feasacht agus tuiscint an phobail ar sheirbhísí agus ar obair an rialtais áitiúil a fheabhsú	Rannpháirtíocht réamhghníomhach le páirtithe leasmhara chun obair an rialtais áitiúil a chur chun cinn agus chun cur le forbairt beartais
6	Oibriú le húdaráis áitiúla chun rialtas áitiúil a shuíomh mar fhostóir de rogha	Cainníocht agus cáilíocht na bhfreagraí ar fheachtais earcaíochta na-údarás áitiúla

Sprioc 3

Barr feabhais a bhaint amach agus luach a sholáthar trí feidhmiú mar eagraíocht shofhreagrúil agus chuimsitheach atá faoi thionchar na nuálaíochta.

Beimid mar fhostóir rogha trí thimpeallacht oibre dhearfach, athléimneach agus cumasaithe ag an teicneolaíocht a chothú a thugann cumhacht do dhaoine go n-éireoidh leo. Cothóimid cuimsitheacht agus seachadfaimid tionchar agus luach intomhaiste, trí nuálaíocht, aclaíocht agus ailíniú straitéiseach eagraíochtúil.

Sprioc 3



Torthaí a Thomhais

Seiceálacha Baile

Suirbhéanna Páirtithe Leasmhara

Gníomhartha Seachadta

Spriocanna SFI



Sprioc 3: Barr feabhais a bhaint amach agus luach a sholáthar trí feidhmiú mar eagraíocht shofhreagrúil agus chuimsitheach atá faoi thionchar na nuálaíochta.

Uimh.	Cuspóir	Spriocthorthaí
1	An GBRÁ a shuíomh mar fhostóir de rogha	Ardleibhéil shástachta foirne laistigh den GBRÁ
2	Struchtúir an GBRÁ a ailíniú go leanúnach chun tacú le seachadadh an Phlean Chorporáidigh	Feachtais earcaíochta rathúla Struchtúir eagraíochta agus rialachais ailínithe chun tacú le seachadadh an Phlean Chorporáidigh agus na bpleananna gnó bliantúla Oiriúnú d'éilimh agus do riachtanais atá ag athrú agus an tionchar is lú is féidir aige ar oibríochtaí
3	Sonraí agus taighde feabhsaithe bunaithe ar fhianaise a sholáthar chun eolas a chur faoi chinnteoireacht GBRÁ	Tacair taighde agus sonraí a chuirtear ar fáil a úsáidtear go gníomhach chun eolas a chur faoi chinnteoireacht GBRÁ Tuarascálacha agus faisnéis a sheachadadh chun tacú leis an GBRÁ i gcúrsaí gnó mar ghnáthoibríochtaí agus seachadadh tionscadail
4	Córais tomhais agus tuairiscithe tionchair a dhearadh agus a chur i bhfeidhm	Córais tomhais tionchair i bhfeidhm chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn gach gné den Phlean Corparáideach agus é a rianú
5	Athléimneacht, bainistíocht agus comhroinnt eolais inmheánaigh a fheabhsú	Comhroinnt réamhghníomhach eolais agus léargais ar fud an GBRÁ chun tacú le feabhsú leanúnach ar sheachadadh seirbhíse agus chun tuiscint níos leithne ar chlár oibre an GBRÁ a leabú Ardleibhéil feasachta i measc fhostaithe an GBRÁ ar obair agus ar éachtaí an GBRÁ
6	Próisis agus bealaí cumarsáide inmheánacha a fheabhsú i gcónaí	Suirbhéanna inmheánacha sceidealta chun aiseolas cainníochtúil agus cáilíochtúil a bhailiú ar leibhéil shástachta, cultúr agus feasacht tras-eagraíochta Clár feabhsuithe tosaíochta a sheachadadh a shainaitnítear trí thorthaí suirbhé bliantúla
7	Leas a bhaint as intleacht shaorga agus teicneolaíochtaí nuálacha eile chun éifeachtúlacht agus seachadadh seirbhíse a fheabhsú	Feabhsuithe intomhaiste chun éifeachtúlachtaí a sheachadadh trí IS agus teicneolaíochtaí eile a thabhairt isteach
8	Timpeallachtaí oibre a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a thagann le riachtanais eagraíochtúla	Oiriúnú d'éilimh agus do riachtanais atá ag athrú agus an tionchar is lú is féidir aige ar oibríochtaí leanúnacha
9	Próisis rialachais a neartú chun freagairt do riachtanais rialála atá ag teacht chun cinn	Struchtúir eagraíochta agus rialachais ailínithe chun tacú le seachadadh an Phlean Chorporáidigh agus na bpleananna gnó bliantúla
10	Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) a chur i bhfeidhm i gcomhréir le sainordú agus spriocanna an GBRÁ	Rianú agus monatóireacht ar na SFInna ábhartha

Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht

Leagtar amach sa Phlean Corparáideach na spriocanna agus na cuspóirí a threoróidh an GBRÁ ó 2026 go 2030.

Ullmhófar pleananna gnó, atá ailínithe go hiomlán le hacmhainn oibríochtúil agus buiséadach, go bliantúil agus déanfar monatóireacht orthu le córais tomhais thrédhearcacha chun socrú spriocanna ar fud an GBRÁ a léiriú.


Úsáidfeadh na struchtúir rialachais corparáidigh chun maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh an phlean agus chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an phlean. Áireofar leis sin struchtúir tuairiscithe fhoirmiúla agus pointí méadaithe maidir le cinnteoireacht agus bainistíocht riosca. Cuirfidh na struchtúir ar chumas an GBRÁ freagairt do riachtanais athraitheacha agus d'fhorbairtí teicneolaíochta, agus ag an am céanna fócas a choinneáil ar phríomhthorthaí agus ar phríomhthionchair atá le baint amach.

Roinnfear tuarascálacha leanúnacha ar dhul chun cinn agus nuashonruithe ar chur i bhfeidhm an Phlean Chorporáidigh le Bord an GBRÁ go rialta sa bhreis ar an bpróiseas athbhreithnithe feidhmíochta bliantúil leis an RTRÁO. Déanfar athbhreithniú cuimsitheach ar an bPlean Corparáideach leath bealaigh trí shaolré an phlean freisin.

Roinnfear agus bainistíofar tuarascálacha riosca corparáideacha trí Choiste Iniúcháireachta agus Riosca an Bhoird.



Fíor 3: Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht



Ár nEagraíocht

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) i gceannas ar chur i bhfeidhm mhisean agus spriocanna an GBRÁ agus déanann maoirseacht orthu. Tacaíonn foireann de Phríomhfheidhmeannaigh Cúnta (PFCanna) agus Comhordaitheoirí Tionscadail Náisiúnta leis an POF a bhainistiú príomhréimsí gnó agus tionscadail náisiúnta. Spreagann an fhoireann ceannaireachta seo tiomantas an GBRÁ don nuálaíocht, don éifeachtúlacht agus don rialachas fóna, agus a cuspóirí á n-ailíniú le spriocanna beartais náisiúnta.

Tá réimsí freagrachta leathana solúbtha ag gach ball den fhoireann cheannaireachta a chuireann le cuspóirí foriomlána na Gníomhaireachta, lena n-áirítear tacaíocht ghairmiúil agus oibríochtúil don CCBC agus d'údaráis áitiúla, claochlú digiteach, cibearshlándáil, bainistíocht tionscadal náisiúnta, taighde agus cinnteoireacht atá bunaithe ar shonraí. Tá ról lárnach ag an nGníomhaireacht freisin i rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, i bhforbairt beartais, agus i gcur chun cinn na ndea-chleachtas laistigh d'earnáil rialtais áitiúil. Cuireann an cur chuige comhtháite agus solúbtha seo ar chumas an GBRÁ freagairt go héifeachtach do dhúshláin atá ag teacht chun cinn, tacú le feabhsú leanúnach agus na hacmhainní a theastaíonn uathu a chur ar fáil d'údaráis áitiúla chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar dár bpobail.

Réimsí Gnó

Déanann Straitéis, Taighde agus Cumarsáid Rialtais Áitiúil maoirseacht ar thaighde, leabharlanna agus cumarsáid mar thacaíocht d'údaráis áitiúla.

Soláthraíonn Tacaíocht Eagraíochtúil Rialtais Áitiúil cúnamh d'fheidhmeanna cúloifige in údaráis áitiúla, lena n-áirítear comhairleach daoine, forbairt ceannaireachta, airgeadas, acmhainní daonna, sláinte agus sábháilteacht agus soláthar.

Déanann Oibríochtaí GBRÁ, Bainistíocht Clár, Nuálaíocht agus Athchóiriú oibríochtaí inmheánacha GBRÁ, seachadadh tionscadal agus rialachas a bhainistiú agus ag an am céanna tacaíonn siad le húdaráis áitiúla maidir le nuálaíocht agus athchóiriú earnála.

Spreagann an Rialtas Áitiúil Digiteach, TFC agus Cibearshlándáil forbairt agus cur i bhfeidhm na straitéise earnála Digiteach agus TFC agus cuireann sé dea-chleachtais chun cinn i mBainistíocht TFC.

Tugann an GBRÁ treoir straitéiseach chuimsitheach, tacaíocht riaracháin, agus léargas anailíseach don CBCC, do Bhord an GBRÁ, agus dá gcoistí.

Tionscadail Náisiúnta

An Oifig Chomhordaithe um Sheachadadh Tithíochta (HDCO)

Spreagann agus tacaíonn HDCO le húdaráis áitiúla chun freastal ar riachtanais tithíochta sóisialta agus inacmhainne. Déanann sé maoirseacht ar an bpíblíne seachadta tithíochta, soláthraíonn sé treoir theicniúil agus bhainistíochta, agus cuireann sé dea-chleachtas chun cinn ar fud bealaí seachadta traidisiúnta agus nuálacha, lena n-áirítear Modhanna Nua-Aimseartha Tógála (MNT). Oibríonn HDCO i gcomhar le húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara náisiúnta chun próisis a chuíchóiriú, chun dlús a chur le cláir seachadta agus chun tacú le hailíniú le straitéisí agus pleananna náisiúnta tithíochta.

An Oifig Lár Bailte ar dTús (LBT)

Treoraíonn agus comhordaíonn Oifig Lár Bailte ar dTús seachadadh náisiúnta an bheartais Bailte ar dTús ar dtús trí threoir, uailmhian agus maoirseacht náisiúnta a aistriú go pleananna forfheidhmithe inghníomhaithe. Tacaíonn sé le húdaráis áitiúla agus le hOifigí Athghiniúna Baile trí threoir dea-chleachtas, uirlisí sonraí agus cláir forbartha acmhainne a sholáthar, rud a chumasaíonn forbairt agus seachadadh pleananna tionchair, faoi stiúir an phobail Lár Bailte ar dTús.

An Oifig Chomhordaithe Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil (LAWPCO)

Comhordaíonn Oifig Chomhordaithe Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil (LAWPCO) seachadadh an bheartais náisiúnta dramhaíola agus geilleagair chiorclaigh trí threoir agus tacaíocht a thabhairt d'údaráis áitiúla agus do sheirbhísí comhroinnte bainistíochta dramhaíola chun a gcláir bainistíochta dramhaíola a ailíniú le pleananna agus spriocanna náisiúnta. Soláthraíonn sé maoirseacht straitéiseach, saineolas teicniúil, sonraí, agus struchtúir rialachais a éascaíonn oibriú comhsheasmhach i gcomhréir le ceanglais náisiúnta.

An Oifig Aistrithe Seirbhísí Uisce (WSTO)

Tacaíonn WSTO le haistriú seirbhísí uisce ó údaráis áitiúla go Uisce Éireann chun leanúnachas agus comhlíonadh a chumasú ar fud an chláir athraithe. Comhordaíonn an WSTO struchtúir rialachais, bainistíonn sé saincheisteanna oidhreacht, agus soláthraíonn sé treoir maidir le hacmhainní daonna, airgeadas, TFC agus bainistíocht riosca, agus ag an am céanna éascaíonn sé comhoibriú le páirtithe leasmhara agus cosnaíonn sé leasanna na n-údarás áitiúil.



Rialachas

Bunaíodh an GBRÁ leis an Ordú um Bhunú Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (2012) agus feidhmíonn sé i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Tá Comhairle an Bhoird comhdhéanta de na 31 Príomhfheidhmeannach údaráis áitiúil af fad. Ní mór do Chomhairle an Bhoird teacht le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad chun feidhmeanna a chomhlíonadh i ndáil le Bord an GBRÁ, lena n-áirítear ceadú bliantúil a dhéanamh ar chionroinnt na muirear ar fud na n-údarás áitiúil chun costais na Gníomhaireachta a chlúdach.

Tá Bord GBRÁ comhdhéanta de Phríomhfheidhmeannaigh ó ocht n-údarás áitiúla, arna gceapadh ag Comhairle an Bhoird agus suas le ceathrar ainmnithe ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Tagann an Bord le chéile sé huair in aghaidh na bliana chun maoirseacht agus treoir straitéiseach a sholáthar don GBRÁ. Déanann an Bord a chuid oibre trí chúig choiste, agus tá ball den Bhord mar chathaoirleach ar gach coiste. Tá ról lárnach ag na coistí maidir le treoir agus maoirseacht a sholáthar i réimsí sonracha amhail iniúchóireacht, riosca agus airgeadas agus cuidíonn siad leis an mBord a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an GBRÁ rialuithe airgeadais láidre, creataí bainistíochta riosca agus comhlíonadh oibleagáidí reachtúla. Déanann sé athbhreithniú ar thorthaí iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí agus déanann sé monatóireacht ar éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca. Tacaíonn an coiste leis an mBord sócmhainní an GBRÁ a chosaint agus trédhearcacht agus cuntasacht a choinneáil i gcúrsaí oibríochtúla.

An Coiste Airgeadais

Déanann an Coiste Airgeadais maoirseacht ar phleanáil airgeadais, buiséadú agus leithdháileadh acmhainní don GBRÁ. Déanann sé athbhreithniú agus moltaí ar bhuiséid, agus monatóireacht ar fheidhmíocht airgeadais agus ar úsáid acmhainní. Tugann an coiste comhairle freisin maidir le beartais agus nósanna imeachta airgeadais, rud a chabhraíonn le smacht físcach agus luach ar airgead a choinneáil ar fud ghníomhaíochtaí uile an GBRÁ.

An Grúpa Maoirseachta um Athchóiriú na hEarnála Poiblí (PSROG)

Tá an PSROG freagrach as tionscnaimh athchóirithe na hearnála poiblí a threorú agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm clár athraithe suntasach ar fud an rialtais áitiúil. Déanann sé measúnú agus údarú ar sheachadadh tionscadal náisiúnta, rianaíonn sé dul chun cinn i dtreo spriocanna athchóirithe agus coinníonn sé ailíniú le beartais uileghabhálacha an rialtais. Trí chomhoibriú láidir a chothú idir údaráis áitiúla agus an rialtas láir, spreagann an coiste nuálaíocht agus tacaíonn sé le feabhsú leanúnach i seachadadh seirbhísí poiblí.


An Coiste um Bainistíocht Daoine agus um Fhorbairt Eagraíochtúil


Tugann an coiste seo comhairle don GBRÁ agus cruthaíonn sé an clár oibre chun tacú le húdaráis áitiúla, ag díriú ar chaidreamh fostaithe, acmhainní daonna agus cúrsaí sláinte agus sábháilteachta. Déanann sé maoirseacht ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm straitéisí fostaithe agus comhordaíonn sé beartas agus tionscnaimh straitéiseacha AD ar fud na n-údarás áitiúil.

An Coiste um Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Tá an Coiste TFC i gceannas ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm straitéisí digiteacha agus tionscnamh teicneolaíochta laistigh den GBRÁ agus ar fud na n-údarás áitiúil. Spreagann sé glacadh le teicneolaíochtaí nua, neartaíonn sé cibearshlándaíl agus cuireann sé slándáil sonraí láidir chun cinn. Tacaíonn an coiste le tionscadail chlaochlaithe dhigitigh, déanann sé maoirseacht ar bhonneagar TFC, agus cuireann sé dea-chleachtas chun cinn in úsáid teicneolaíochta chun seachadadh seirbhíse agus éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú.

Fíor 4: Ár Struchtúr Rialachais





*Supporting Innovation
Across Local Government*



CBCC

Feidhmíonn an GBRÁ mar chomhlacht tacaíochta lárnach don CBCC agus dá líonra coistí. Soláthraímid comhordú oibríochtúil agus saineolas riaracháin chun feidhmiú éifeachtach an CBCC a chumasú. Sa chomhthéacs sin, is iad na coistí sin a spreagann ár bpríomhghníomhaíochtaí, agus tá ár n-acmhainní, ár dtaighde agus ár dtacaíocht theicniúil ailínithe le cuspóirí straitéiseacha an CBCC.

Is é an CBCC guth ionadaíoch líonra bainistíochta an rialtais áitiúil. Is iad 31 Príomhfheidhmeannach na gComhairlí Contae agus Cathrach agus Príomhfheidhmeannach Cúnta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath comhaltaí CCBC.


Is coiste ochtar comhalta é Coiste Feidhmiúcháin an CCBC ar a bhfuil cathaoirleach, leasathaoirleach, Príomhfheidhmeannaigh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Chomhairle Contae Chorcaí agus ceathrar Príomhfheidhmeannach breise a thoghann a gcomhghleacaithe. Socraíonn an Feidhmeannas an treo straitéiseach don CCBC laistigh den timpeallacht eacnamaíoch, pholaitiúil agus reachtach ina bhfeidhmíonn an comhlachas.

Déanann an CCBC a chuid oibre trí ocht gcoiste bunaithe, a bhfuil Príomhfheidhmeannach mar chathaoirleach ar gach ceann acu. Tá comhaltas gach coiste comhdhéanta de Phríomhfheidhmeannaigh údaráis áitiúil, Stiúrthóirí Seirbhíse agus/nó Ceannsaithe Airgeadais. Trí struchtúr an choiste, tá Feidhmeannas CCBC i gceannas ar an CCBC maidir le tionchar beart sonrach beartais ar údaráis áitiúla a mheas agus a scaipeadh, rud a chuireann eolas agus tionchar ar an seasamh a ghlacann an comhlachas.


Coistí CBCC

- **An Coiste Tithíochta** – Déileálann sé le beartas tithíochta, cláir seachadta agus tacaíochtaí gaolmhara d'údaráis áitiúla.
- **An Coiste Pleanála agus Úsáide Talún** – Treoraíonn sé beartas pleanála, forbairt spásúlachta agus bainistíocht úsáide talún ar fud na n-údarás áitiúil.
- **An Coiste Iompair, Bonneagair agus Líonraí** – Díríonn sé ar chórais iompair, forbairt bonneagair agus saincheisteanna nascachta a mbíonn tionchar acu ar údaráis áitiúla.
- **An Coiste um Chomhshaol, Aeráid agus Gilleagar Ciorclach** – Déanann sé scrúdú ar bheartas agus tionscnaimh rialtais áitiúil a bhaineann le bainistíocht chomhshaoil, gníomhaíocht ar son na haeráide agus cleachtais gheilleagair chiorclaigh agus tugann sé comhairle orthu.
- **An Coiste Pleanála Corparáidí agus Éigeandála** – Tacaíonn sé le creatlacha rialachais chorparáidigh, bainistíochta eagraíochtúla agus pleanála éigeandála laistigh den rialtas áitiúil.

- **An Coiste Airgeadais** – Tugann sé aghaidh ar chúrsaí beartais airgeadais, buiséadaithe agus bainistíochta físcach ar fud na hearnála rialtais áitiúil.
- **An Coiste Forbartha Eacnamaíochta** – Cuireann sé le forbairt straitéisí agus beartas chun tacú le fás eacnamaíoch, fiontraíocht agus infheistíocht ag leibhéal an údaráis áitiúil.
- **An Coiste Tuaithe, Pobail, Cultúir agus Oidhreachta** – Cuireann sé forbairt tuaithe, rannpháirtíocht phobail, tionscnaimh chultúrtha agus caomhnú oidhreachta chun cinn.



Fíor 5: An Creat Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara



Ár bPáirtithe Leasmhara

Oibríonn an GBRÁ laistigh de líonra fairsing páirtithe leasmhara a mbíonn tionchar acu ar ár ngníomhaíochtaí agus a chuireann leo araon. I gcroílár an líonra seo tá na 31 Údarás Áitiúil, ár bpríomhpháirtithe, lena gcomhoibrímid leo chun clár agus seirbhísí rialtais áitiúil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Is príomhpháirtí leasmhar eile í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, a sholáthraíonn treoir beartais agus maoirseacht riachtanach.

Chomh maith leis na caidrimh lárnacha sin, tá ról ceannródaíoch againn maidir le seachadadh clár náisiúnta a chomhordú thar ceann rialtais áitiúil agus ranna rialtais éagsúla. Síneann ár rannpháirtíocht chuig raon leathan páirtithe leasmhara eile freisin, lena n-áirítear gníomhaireachtaí stáit, eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhlachtaí taighde, acadóirí, grúpaí pobail agus eagraíochtaí meán.

Léiríonn creat rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara (féach Fíor 5) fairsinge agus idirnascacht na gcaidreamh sin, ag cur béime ar ár bpríomhpháirtithe leasmhara, ag tacú le heilimintí agus leis na cumais bhunaidh atá mar bhonn agus mar thaca ag comhoibriú éifeachtach

Trí oibriú go dlúth leis an ngrúpa éagsúil seo, cabhraímid le beartas a mhúnlú, seachadadh éifeachtach seirbhíse a éascú, agus bealaí cumarsáide a neartú. Tógann an cur chuige comhoibríoch seo naisc láidre idir tosaíochtaí áitiúla agus náisiúnta, ag tacú le torthaí níos fearr do phobail.



Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Tá sé mar aidhm ag ár bPlean Corparáideach 2026–2030 ár n-oibríochtaí agus ár dtreo straitéiseach a ailíniú leis na hoibleagáidí reachtúla faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, mar a leagtar amach in Alt 42 d'Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Ciallaíonn sé seo go bhfuilimid tiomanta le:

- Deireadh a chur le hidirdhealú
- Comhionannas deiseanna agus cóireála a chur chun cinn do bhaill foirne, do pháirtithe leasmhara agus d'úsáideoirí seirbhísí rialtais áitiúil
- Cearta an duine foirne agus úsáideoir seirbhíse a chosaint

Déanaimid comhionannas agus cearta an duine a leabú i ngach gné dár misean, luachanna, spriocanna, cuspóirí agus oibríochtaí, rud a fhágann nach ceanglais reachtúla amháin iad na prionsabail seo ach go bhfuil siad lárnach dár gcultúr, dár seachadadh seirbhísí agus dár dtacaíocht don rialtas áitiúil.

Treoraíonn luachanna na cuimsitheachta, na trédhearcachta agus na freagrachta eiticiúla ár ngníomhaíochtaí uile agus tá siad deartha chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint i seachadadh seirbhísí agus i gcleachtais fostaíochta araon.

Táimid tiomanta do chearta an duine agus comhionannas a leabú i ngach gné dár n-oibríochtaí, ó phleanáil straitéiseach go cur i bhfeidhm ár spriocanna agus ár gcuspóirí. Tacaítear lenár dtiomantas trí rialachas corparáideach láidir, meicníochtaí cuimsitheacha tuairiscithe agus creataí láidre bainistithe riosca, a sholáthraíonn maoirseacht éifeachtach agus a chuireann ar ár gcumas freagairt go tapa do dhúshláin nua.

Trí dhíriú láidir a choinneáil ar thaithí an úsáideora le linn an phlean seo a sheachadadh, déanfaimid machnamh leanúnach ar riachtanais éagsúla ár ndaoine agus na ndaoine a mbíonn tionchar ag ár seirbhísí orthu. Tá comhairliúchán cuimsitheach, cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise agus cumarsáid shoiléir, inrochtana lárnach d'éiteas oibríochtúil an GBRÁ agus léiríonn siad ceanglais reachtúla an Dualgais. Cuireann an cur chuige seo cothroime, inrochtaineacht agus freagrúlacht chun cinn i ngach seirbhís.

Neartaíonn tiomantas an GBRÁ na SFIIna a chomhtháthú mar aon le rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara, mar a shonraítear sa Phlean Corparáideach seo, príomhshruthú comhionannais agus cearta an duine ar fud ár ngníomhaíochtaí. Leanfaimid orainn ag leabú na bprionsabal seo inár bpróisis rialachais, pleanála agus athbhreithnithe feidhmíochta chun ár n-oibleagáidí faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chomhlíonadh, ag cothú cultúr measa, cuimsithe agus feabhais leanúnaigh ar sholáthar na seirbhíse poiblí.

Gluais

PFC	Príomhfheidhmeannach Cúnta
CBCC	Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach
POF	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
RTRÁO	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht
HDCO	An Oifig Chomhordaithe um Sheachadadh Tithíochta
AD	Acmhainní Daonna
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
LAWPCO	An Oifig Chomhordaithe Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil
GBRÁ	An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
MNT	Modhanna Nua-Aimseartha Tógála
CFBF	Córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta
PSROG	An Grúpa Maoirseachta um Athchóiriú na hEarnála Poiblí
SFI	Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe
LBT	Lár Bailte ar dTús
WSTO	An Oifig Aistrithe Seirbhísí Uisce



LGMA

An Ghníomhaireacht
Bainistíochta Rialtais Áitiúil

Local Government
Management Agency